C/2024/869

6.2.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa – Athléimneacht airgeadais MFBManna a neartú agus an dara seans a thabhairt d'fhiontraithe

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/869)

Rapóirtéir: **Mira-Maria DANISMAN**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	3.10.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	25.10.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	582
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	205/0/5

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. De thoradh na ngéarchéimeanna éagsúla a bhí ann le deireanas, tuigtear anois nach mór athléimneacht airgeadais MFBManna (na micrifhiontair agus na fiontair bheaga agus mheánmhéide) a neartú. Is mó líon na bhféimheachtaí anois ná aon am ó bhí 2015 ann, rud atá ag cur isteach go mór ar MFBManna. Is é is cúis leis sin méadú tobann a bheith tagtha ar na praghsanna fuinnimh, an boilsciú ard agus na rátaí úis arda atá ann, sin agus an cur isteach ar na slabhraí soláthair. Murab ionann agus na gnólachtaí móra, ní bhíonn ag MFBManna de ghnáth ach cúlchistí teoranta chun dul i ngleic le dúshláin airgeadais agus bíonn siad ag brath go mór ar mhaoiniú seachtrach, go háirithe iasachtaí bainc.

1.2. Is cúis mhór imní do CESE na rátaí ísle infheistíochta in MFBManna agus an cumas lagaithe atá iontu an nuálaíocht agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a mhaoiniú.

1.3. De thoisc na rialacháin airgeadais a bheith ag éirí níos géire, tá an teacht atá ag MFBManna ar mhaoiniú bainc ag brath níos mó agus níos mó ar an gcoinníoll go mbeadh gníomhaí poiblí, amhail institiúid ráthaíochta nó banc le haghaidh spreagadh, rannpháirteach sa bheart. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an tionchar foriomlán atá ag an rialáil airgeadais i gcoitinne ar chustaiméirí na MFBManna.

1.4. Tá baint ag ionstraimí cistiúcháin an Aontais leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil d'athléimneacht airgeadais MFBManna. Ní mór na cistí cuí a áirithiú trí thairseach FBM an chláir InvestEU. Chomh maith leis sin, ba cheart tuilleadh cistí réigiúnacha de chuid an Aontais a dhíriú ar ghníomhaíochtaí na MFBManna. Le go mbeadh teacht níos éasca ag MFBManna ar chistí an Aontais, mhol CESE roimhe seo próiseas iarratais aonleathanaigh a thabhairt isteach le haghaidh FBManna ([1]).

1.5. Chuirfeadh Aontas Margaí Caipitil lánfheidhme san Eoraip roghanna maoiniúcháin ní ba leithne agus ní ba sholúbtha ar fáil do MFBManna. Is oth le CESE an dul chun cinn teoranta atá déanta i ndáil leis sin agus tá sé ag iarraidh go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn chun Aontas na Margaí Caipitil a neartú.

1.6. Is díol sásaimh do CESE an t-athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha agus molann sé do reachtóirí an Aontais a áirithiú go nglacfar gan mhoill í. Ní hamháin gur cheart tráthanna réasúnta le haghaidh íocaíochta a leagan síos leis an athbhreithniú ach ba cheart córas neamhspleách éifeachtach faireacháin agus forfheidhmithe a chur chun feidhme freisin.

([1]) IO C 194, 12.5.2022, lch. 7.

1.7. Trí luathchomharthaí an anáis airgeadais a bhrath, is féidir le MFBManna bearta réamhghníomhacha a dhéanamh chun rioscaí a mhaolú, straitéisí láimhdeachais a chur chun feidhme agus meantóireacht agus tacaíocht riachtanach a lorg. Chun gur fearr is féidir an t-anás airgeadais in MFBManna a bhrath go luath, ní mór don Aontas forbairt uirlisí digiteacha atá bunaithe ar an anailísíocht sonraí, an intleacht shaorga agus an mheaisínfhoghlaim a spreagadh agus an glacadh atá leis na huirlisí sin a spreagadh freisin.

1.8. Is mian le CESE aird a tharraingt ar a thábhachtaí atá sé faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach a rinneadh le déanaí maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht. Ní mór a áirithiú go mbeidh MFBManna in ann teacht ar shásraí tacaíochta láidre a bheidh in oiriúint do na riachtanais shonracha a bhíonn ag MFBManna atá in anás airgid agus go mbeidh níos mó i gceist sna sásraí sin ná díreach faisnéis a thabhairt trí shuíomhanna gréasáin.

1.9. Chun tacú le fiontraithe an dara seans a thapú agus an stiogma a bhaineann le cliseadh gnó a mhaolú, iarrann CESE ar an gCoimisiún measúnú críochnúil a dhéanamh ar na bacainní atá ann faoi láthair ar an dara seans a thabhairt d'fhiontraithe na hEorpa nuair a chliseann ar a ngnó.

1.10. Tuigeann CESE an tionchar mór a bhíonn ag an timpeallacht rialála ar athléimneacht airgeadais MFBManna. Tacaíonn sé le plean an Choimisiúin Eorpaigh oibleagáidí tuairiscithe FBManna a laghdú 25 % agus molann sé spriocanna níos uaillmhianaí a leagan amach don todhchaí, spriocanna ar a ndéanfaí faireachán agus meastóireacht rialta. Ina theannta sin, is cúis imní do CESE na costais bhreise maidir le comhlíonadh na rialacha, sin de thoradh cleachtais 'rórialála' ar an leibhéal náisiúnta, rud a chuireann ualach ar MFBManna agus, thairis sin, a chruthaíonn iomaíocht éagórach laistigh den Mhargadh Aonair.

1.11. Is mian le CESE aird a tharraingt ar an tionchar a bhíonn ag rialacháin chánach agus ag beartais chánach na mBallstát ar athléimneacht airgeadais MFBManna. Is féidir le córais chasta chánach, rátaí arda cánach agus ualaí riaracháin deacrachtaí a chruthú do MFBManna, go háirithe na fiontair sin atá gann ar acmhainní pleanála agus comhlíonta cánach. Os a choinne sin, más dreasachtaí cánach agus córais chánach shimplithe atá ann, is féidir an t-ualach cánach a bhíonn ar MFBManna a mhaolú agus cur lena gcobhsaíocht airgeadais.

1.12. Tá dlúthbhaint ag éagsúlú na slabhraí soláthair le hathléimneacht airgeadais MFBManna na hEorpa. Má laghdaítear a spleáchas ar sholáthróir amháin nó ar mhargadh amháin, is féidir na rioscaí airgeadais a mhaolú agus beidh MFBManna in ann iad féin a chur in oiriúint ar bhealach níos éifeachtaí do dhálaí athraitheacha an mhargaidh, do luaineachtaí praghsanna agus do shuaitheadh sna slabhraí soláthair. Tá CESE ag iarraidh go cuirfí tacaíocht ar fáil le haghaidh idirnáisiúnú na MFBManna agus le go mbeidh teacht acu ar mhargaí eachtracha, rud a chabhróidh leo a gcuid slabhraí soláthair a éagsúlú, breis leachtachta a áirithiú agus páirt a ghlacadh sa trádáil dhomhanda.

1.13. Tá ról ríthábhachtach ag aistrithe gnó maidir leis an leanúnachas gnó agus athléimneacht na ngnólachtaí a áirithiú. D'iarr CESE sa Tuairim uaidh le déanaí maidir le haistrithe gnó ([2]) go ngníomhódh an tAontas chun aistrithe gnó san Eoraip a éascú.

2. **Réamhrá**

2.1. Is MFBManna (micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide) atá i dtromlach mór de na gnólachtaí san Eoraip – thart ar 99 % díobh. Is iad a fhostaíonn dhá thrian d'fhostaithe na hEorpa agus a chuir EUR 3,9 trilliún le geilleagar na hEorpa in 2022, de réir an eolais atá ag Eurostat. Is micrifhiontair a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe iontu is mó atá i gceist, líon atá cothrom le thart ar 92 % de MFBManna na hEorpa. Tá ról ríthábhachtach ag MFBManna i sochaithe na hEorpa; cruthaíonn siad fostaíocht, táirgeann siad earraí, soláthraíonn siad seirbhísí agus cuireann siad le luach an gheilleagair.

2.2. Bhí géarchéimeanna gan choinne le sárú ag MFBManna san Eoraip le blianta beaga anuas, géarchéimeanna a thug a ndúshlán i dtaobh a gcobhsaíochta airgeadais agus a léirigh an gá atá le hathléimneacht airgeadais MFBManna a neartú. Is mó líon na bhféimheachtaí anois ná aon am ó bhí 2015 ann, rud atá ag cur isteach go mór ar MFBManna ([3]). Is é is cúis leis sin deireadh a bheith ag teacht leis an bhfóirithint a tugadh le linn na paindéime, méadú tobann a bheith tagtha ar na praghsanna fuinnimh, an boilsciú ard agus na rátaí úis arda atá ann, sin agus an cur isteach ar na slabhraí soláthair. Murab ionann agus na gnólachtaí móra, ní bhíonn ag MFBManna de ghnáth ach cúlchistí teoranta chun dul i ngleic le dúshláin airgeadais agus bíonn siad ag brath go mór ar mhaoiniú seachtrach, go háirithe iasachtaí bainc. Tuigeann CESE go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh ag an gCoimisiún chun tacú leis na MFBManna trí bhearta beartais. Tá bearta éagsúla luaite sa Phacáiste Fóirithinte do FBManna a foilsíodh le déanaí, simpliú na nósanna imeachta cánach trasteorann, cuir i gcás, téarmaí íocaíochta níos déine a thabhairt isteach in idirbhearta tráchtála agus Toscaire AE na FBManna a ainmniú chun ábhair imní atá ag FBManna a chur in iúl. Is cuid den réiteach ar fhadhbanna na MFBManna na bearta sin.

([2]) IO C 486, 21.12.2022, lch. 9.
([3]) Sonraí de chuid Eurostat maidir le clárúcháin ghnó agus féimheachtaí 2022, https://ec.europa.eu/eurostat/en/web/products-eurostat-news/w/DDN-20220217-2.

2.3. Is é is aidhm don tuairim féintionscnaimh seo scrúdú a dhéanamh ar na straitéisí lena bhféadfar cur le hathléimneacht airgeadais MFBManna trí bhearta a dhéanamh ar leibhéal na hEorpa agus ar leibhéal na mBallstát araon. Féachfar sa tuairim ar an teacht atá ag MFBManna ar mhaoiniú, ar íocaíochtaí déanacha, ar bhainistíocht agus inniúlacht airgeadais, ar luathrabhadh agus an dara seans, agus féachfar ar thionchar an chreata rialála, éagsúlú na slabhraí soláthair agus an leanúnachais gnó. Tagraíonn an athléimneacht airgeadais, i gcomhthéacs na tuairime seo, don acmhainn atá sna MFBManna seasamh in aghaidh suaití agus deacrachtaí airgeadais agus téarnamh uathu. Is dul chun cinn an tuairim seo ar an obair atá déanta ag CESE go dtí seo ar chás na MFBManna agus cabhraíonn sí le tuiscint níos fearr a fháil ar athléimneacht airgeadais MFBManna.

3. **An teacht ar mhaoiniú**

3.1. Rinne paindéim COVID-19 difear mór do staid airgeadais na MFBManna. Tháinig laghdú ar an éileamh ó chustaiméirí ina lán gnólachtaí, agus ba laghdú ar an ioncam agus ar an sreabhadh airgid a bhí ann dá thoradh. Mar gheall ar an moill a bhí ar íocaíochtaí na gcustaiméirí, bhí ganntanas leachtachta ann, rud a d'fhág gur dhúshlán ag na MFBManna a n-oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh. Ar a bharr sin, chuir méaduithe ar na praghsanna agus briseadh sa slabhra soláthair brú breise ar chúlchistí airgeadais na MFBManna. D'fhág sin gurbh éigean do mhórán MFBManna déileáil le méadú ar a bhfiacha agus le héiginnteacht airgeadais sa tréimhse dhúshlánach a bhí ann. Cé gurbh fhaoiseamh de chineál dóibh, dar leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), na hiasachtaí bainc agus cistí rialtais, tháinig laghdú ar fhoinsí eile airgeadais, go háirithe an cothromas le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta ([4]). Tá fiacha ar a lán MFBManna go fóill mar go bhfuil orthu iasachtaí a aisíoc, iasachtaí a fuair siad chun dúshláin airgeadais na paindéime a fhreagairt.

3.2. Ó bhris an phaindéim maille leis an gcogadh san Úcráin amach, tá dúshláin mhóra airgeadais le sárú ag MFBManna ar fud an domhain; ar phéire de na cúiseanna eile leis sin, tá an boilsciú ard agus an méadú ar na rátaí úis ([5]). D'fhág na cúinsí sin go bhfuil géarú ar na coinníollacha airgeadais agus go bhfuil sé níos deacra agus níos costasaí ar MFBManna teacht ar mhaoiniú. Ina theannta sin, is in olcas atá an rochtain ar mhargaí cothromais ag dul agus tá líon na ndeacrachtaí ag méadú, ós rud é nach bhfuil an fonn ar na hinfheisteoirí dul i bhfiontar lena gcuid infheistíochtaí.

3.3. Cé go dtacaíonn CESE leis an rún atá ag na hinstitiúidí Eorpacha cur le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht an chórais airgeadais, is cúis imní dó an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rialacháin níos géire ar an teacht atá ag MFBManna ar mhaoiniú bainc, agus go bhfuil an teacht sin ar mhaoiniú ag brath níos mó agus níos mó ar an gcoinníoll go mbeadh gníomhaí poiblí, amhail institiúid ráthaíochta, banc forbartha nó banc le haghaidh spreagadh, rannpháirteach sa bheart. Cé go dtuigeann CESE an ról tábhachtach atá ag na bainc forbartha maidir le maoiniú a thabhairt do MFBManna, tá sé ag tathant ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an tionchar foriomlán atá ag an rialáil airgeadais i gcoitinne ar chustaiméirí na MFBManna. Is cúis mhór imní do CESE freisin na rátaí ísle infheistíochta in MFBManna agus an cumas lagaithe atá iontu an nuálaíocht agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a mhaoiniú. Ní féidir le MFBManna déanamh d'uireasa an mhaoinithe ar phraghsanna réasúnta.

3.4. MFBManna a bhfuil deacrachtaí acu maoiniú a fháil ó iasachtóirí traidisiúnta, is féidir leo foinsí malartacha maoinithe a lorg, e.g. sluachistiú agus aingil ghnó. Tá an chumhacht ag an Aontas cur le líon na MFBManna a fhaigheann maoiniú ó fhoinsí malartacha. Ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh tá creat rialála tacúil a bhunú, comhroinnt sonraí agus tionscnaimh baincéireachta oscailte a chur chun cinn, agus infheistíocht a dhéanamh i gcláir oideachais san airgeadas a bheadh dírithe go sonrach ar MFBManna. Thairis sin, ba cheart na margaí caipitil fiontair, na margaí cothromais agus na margaí bannaí a dhéanamh níos tarraingtí do MFBManna.

3.5. Maidir le hathléimneacht airgeadais MFBManna a neartú, tá tábhacht ar leith leis an Aontas Eorpach mar gheall ar an úsáid a bhaintear as ionstraimí cistiúcháin. Is éard a dhéantar leis na hionstraimí sin go dtugtar an deis do MFBManna teacht ar mhaoiniú a d'fhéadfadh a bheith deacair a fháil ó fhoinsí traidisiúnta, agus ar ionstraimí ráthaíochta a chabhraíonn leo na rioscaí iasachtaithe a mheastar a bheith ann a mhaolú. Ní mór na cistí cuí le haghaidh na tacaíochta a thugtar do MFBManna a áirithiú trí thairseach FBM an chláir InvestEU. Maidir leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE), tacaíonn CESE leis an iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa ([6]) ar an gCoimisiún Eorpach go gcuirfí le rannpháirtíocht FBManna in CNE agus go gcruthófaí ionstraimí cistiúcháin a bheadh níos so-rochtana ag na fiontair bheaga agus na micrifhiontair. Measann CESE freisin gur cheart tuilleadh cistí réigiúnacha de chuid an Aontais a dhíriú ar ghníomhaíochtaí MFBManna. Le go mbeadh teacht níos éasca ag MFBManna ar chistí an Aontais, mhol CESE roimhe seo próiseas iarratais aonleathanaigh a thabhairt isteach le haghaidh FBManna ([7]).

([4]) ECFE (2020), 'The impact of COVID-19 on SME financing: A special edition of the OECD Financing SMEs and Entrepreneurs Scoreboard', *OECD SME and Entrepreneurship Papers*, Uimh. 22, OECD Publishing, Páras, https://doi.org/10.1787/ecd81a65-en.

([5]) Féach, mar shampla, ECFE (2023), 'OECD Financing SMEs and Entrepreneurs Scoreboard: 2023 Highlights', *OECD SME and Entrepreneurship Papers*, Uimh. 36, OECD Publishing, Páras, https://doi.org/10.1787/a8d13e55-en.

([6]) PE 2022/2063/(NI).

([7]) IO C 194, 12.5.2022, lch. 7.

3.6. Ar deireadh, chuirfeadh Aontas Margaí Caipitil lánfheidhme san Eoraip rogha maoiniúcháin ní ba leithne agus ní ba sholúbtha ar fáil do MFBManna. Is oth le CESE an easpa dul chun cinn atá déanta i ndáil leis sin agus tá sé ag iarraidh go ndéanfaí bearta breise chun Aontas na Margaí Caipitil a neartú.

4. **Dúshlán na n-íocaíochtaí déanacha**

4.1. Is é a bhunaítear le Treoir AE maidir le hÍocaíochtaí Déanacha ([8]) creat dlíthiúil lena áirithiú go n-íoctar gnólachtaí in am trátha i leith a gcuid earraí agus seirbhísí. A bhuí le rialacha an Aontais maidir le híocaíochtaí déanacha, tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le dúshlán na n-íocaíochtaí déanacha. Mar sin féin, bíonn níos mó ná 60 % de ghnólachtaí an Aontais ag feitheamh ar íocaíochtaí déanacha go fóill, agus is FBManna is mó a bhíonn i gceist, lena n-áirítear nuair a bhíonn rochtain á fáil acu ar an soláthar poiblí.

4.2. Is féidir le cultúr íocaíochta ina n-íoctar billí go pras cur le hathléimneacht airgeadais MFBManna agus cabhrú le féimheachtaí gan ghá a sheachaint. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do CESE an t-athbhreithniú atá á dhéanamh faoi láthair ar an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha agus molann sé do reachtóirí an Aontais an togra a ghlacadh gan mhoill roimh dheireadh an tsainordaithe pholaitiúil reatha.

4.3. Creideann CESE gur cheart tráthanna réasúnta le haghaidh íocaíochta a leagan síos leis an athbhreithniú ach gur cheart córas neamhspleách éifeachtach faireacháin agus forfheidhmithe a thógáil freisin. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar gach Ballstát údarás a ainmniú ar a mbeadh an fhreagracht maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha agus idirghabháil a dhéanamh nuair a iarrann fiontair bheaga nó a n-eagraíochtaí amhlaidh. Ina theannta sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag na húdaráis smachtbhannaí a fhorchur nuair a tharlaíonn neamhchomhlíonadh.

4.4. Lena chois sin, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí an maoiniú le haghaidh tionscadail Eorpacha a íoc go pras le FBManna agus molann sé gur cheart na rialacha maidir le híocaíochtaí déanacha a chur i bhfeidhm i leith na n-íocaíochtaí sin.

5. **Cur leis an mbainistíocht agus an inniúlacht airgeadais**

5.1. Ní hionann na scileanna bainistíochta airgeadais a bhíonn ag na MFBManna éagsúla. Bíonn scileanna láidre airgeadais ag roinnt acu ach d'fhéadfadh sé go mbeadh MFBManna eile in éagmais an eolais agus an tsaineolais chuí sa bhainistíocht airgeadais, agus gur dhúshláin maidir le buiséadú, bainistiú sreafaí airgid, anailísí airgeadais agus an teacht ar roghanna maoiniúcháin iomchuí an toradh a bheadh ar a leithéid. Trí fheabhas a chur ar an inniúlacht airgeadais agus ar scileanna airgeadais in MFBManna, is féidir leo bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an airgeadas, cur leis an teacht atá acu ar mhaoiniú agus a bheith níos athléimní in aghaidh géarchéimeanna.

5.2. Molann CESE go láidir an t-oideachas fiontraíochta a chomhtháthú ar gach leibhéal oideachais, agus is mian leis a chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé na scileanna fiontraíochta iomchuí a thabhairt do dhaoine aonair. Ina theannta sin, tá gá le seirbhísí comhairleacha airgeadais ar féidir le fiontraithe teacht orthu go héasca, ina gcuirfear tacaíocht ar fáil dóibh le go bhféadfaidh siad samhlacha gnó atá athléimneach ó thaobh airgeadais de a leagan amach i dtús a n-aistir gnó. Tá ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí gnó maidir le feabhas a chur ar inniúlacht airgeadais úinéirí MFBManna. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go dtacódh an tAontas agus na Ballstáit leis na heagraíochtaí sin.

5.3. Ba cheart don Aontas infheistíocht a dhéanamh i gcláir oiliúna trína bhfeabhsaítear na scileanna bainistíochta airgeadais in MFBManna. Mar shampla, tá sé d'aidhm ag an ardán Entrepreneurship4all líon na bhfiontraithe a n-éiríonn leo san Eoraip a mhéadú tríd an oideachas digiteach agus an oiliúint dhigiteach, agus oiliúint a chur ar fáil in inniúlacht airgeadais na bhfiontraithe. Is féidir leis an Aontas an teacht atá ag MFBManna ar shaineolas agus ar chomhairle airgeadais a éascú freisin, trí chláir mheantóireachta, cuir i gcás, nó ardáin líonraithe a nascann MFBManna le gairmithe oilte. Tá sé tábhachtach go mbeadh rochtain ag fiontraithe ar na huirlisí tacaíochta sin ina dteanga féin.

6. **Infheistíocht sa chóras luathrabhaidh agus sa dara seans**

6.1. Tá sé ríthábhachtach an t-anás airgeadais a bhrath go luath chun athléimneacht airgeadais MFBManna a fheabhsú. Trí luathchomharthaí an anáis airgeadais a bhrath, is féidir le MFBManna bearta réamhghníomhacha a dhéanamh chun na rioscaí a mhaolú, straitéisí láimhdeachais a chur chun feidhme agus meantóireacht agus tacaíocht riachtanach a lorg. Tacaíonn na córais luathrabhaidh le gnólachtaí cinntí tráthúla a dhéanamh, a n-oibríochtaí a choigeartú, cuir i gcás, maoiniú breise a lorg, nó bearta coigilte a chur i bhfeidhm, rudaí atá in ann cabhrú chun dócmhainneacht a chosc agus inmharthanacht fhadtéarmach an ghnó a áirithiú.

([8]) Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1).

6.2. Tá céimeanna réamhghníomhacha glactha ag an Aontas le gur féidir luathbhrath an anáis airgeadais a chur chun cinn agus na próisis féimheachta agus athstruchtúraithe a éascú do MFBManna. Is é is aidhm don Treoir maidir le hAthstruchtúrú agus Dócmhainneacht ([9]) nósanna imeachta cuíchóirithe agus éifeachtúla a bhunú le haghaidh luath-athstruchtúrú agus an dara seans a thabhairt d'fhiontraithe a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu. Ceanglaítear ar na Ballstáit rochtain a thabhairt ar shásraí tacaíochta a chuidíonn le gnólachtaí atá in anás airgid, e.g. cláir thacaíochta a forbraíodh faoin tionscadal *Early Warning Europe* ([10]). Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí faireachán éifeachtach ar chur chun feidhme na Treorach sin agus is mian leis aird a tharraingt ar an ngá atá ann a áirithiú go mbeadh teacht ag MFBManna anásta ar shásraí tacaíochta láidre a mbeadh níos mó i gceist iontu ná díreach faisnéis a thabhairt trí shuíomhanna gréasáin.

6.3. Chun gur fearr is féidir an t-anás airgeadais in MFBManna a bhrath go luath, ní mór don Aontas forbairt uirlisí digiteacha atá bunaithe ar an anailísíocht sonraí, an intleacht shaorga agus an mheaisínfhoghlaim a spreagadh agus an glacadh atá leis na huirlisí sin a spreagadh freisin. Leis na huirlisí sin, is féidir faireachán fíor-ama, sainaithint rioscaí, agus foláirimh thráthúla a chur ar fáil lenar féidir bearta réamhghníomhacha a dhéanamh chun deacrachtaí airgeadais a chosc agus a mhaolú, agus, ar an gcaoi sin, athléimneacht airgeadais gnólachtaí a neartú.

6.4. Nuair a fhaigheann úinéirí MFBManna an deis teacht chucu féin ó dheacrachtaí airgeadais nó ó theipeanna gnó agus tabhairt arís faoin bhfiontraíocht an 'dara babhta', is é is dóichí go n-éireoidh leo agus go mbeidh teacht aniar breise iontu. Tugann an dara seans deis d'fhiontraithe foghlaim ó bhotúin a rinneadh, a gcuid eolais agus taithí nua a úsáid, agus tabhairt faoi dhúshláin ina dhiaidh sin le muinín agus solúbtheacht bhreise. Trí thimpeallacht a chothú a thacaíonn leis an dara seans san Eoraip agus a spreagann é, is féidir le MFBManna sochar a bhaint as athléimneacht agus acmhainneacht fáis na bhfiontraithe sin a d'fhoghlaim ceachtanna ón taithí a fuair siad.

6.5. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach measúnú críochnúil a dhéanamh ar na bacainní atá ann faoi láthair ar an dara seans a thabhairt d'fhiontraithe na hEorpa nuair a chliseann ar a ngnó. Is féidir leis na bacainní sin, ar de chineál reachtach agus de chineál neamhreachtach iad, bac a chur ar fhiontraithe ionraice gnó nua a thosú. D'fhéadfadh deacrachtaí éagsúla a bheith i gceist leis na bacainní sin, e.g. cuntas bainc a oscailt nó an t-árachas riachtanach a fháil. Cé go bhféadfadh na bacainní sin a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát agus ó chultúr gnó go chéile, d'fhéadfaí, dá ndéanfaí na bacainní sin a mhapáil go cuimsitheach, dea-chleachtais a shainaithint agus réitigh chomhpháirteacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna. Tá CESE deimhin de nach mór don Aontas gníomhú chun an stiogma a bhaineann le cliseadh gnó a mhaolú agus chun timpeallacht thacúil a chruthú d'fhiontraithe.

7. **Creat rialála agus an cánachas**

7.1. Is maith a thuigeann CESE an tionchar mór a bhíonn ag an timpeallacht rialála ar athléimneacht airgeadais MFBManna, óir is féidir leis na costais a bhaineann le comhlíonadh rialacha brú a chur ar a n-acmhainní teoranta agus teorainn a chur arís ar ais ar a n-acmhainneacht infheistíocht a dhéanamh san fhás agus sa nuálaíocht. Tacaíonn CESE le plean an Choimisiúin Eorpaigh oibleagáidí tuairiscithe FBManna a laghdú 25 % agus molann sé spriocanna níos uaillmhianaí a leagan amach don todhchaí, spriocanna ar a ndéanfaí faireachán agus meastóireacht rialta. Lena chois sin, is cúis imní do CESE na costais bhreise maidir le comhlíonadh na rialacha, sin de thoradh cleachtais 'rórialála' ar an leibhéal náisiúnta, rud a chuireann ualach ar MFBManna agus, thairis sin, a chruthaíonn iomaíocht éagórach laistigh den Mhargadh Aonair.

7.2. Is féidir cur le hathléimneacht airgeadais MFBManna trí phróisis na gceadanna agus na gceadúnas a chuíchóiriú agus a shimpliú, toisc go laghdaítear na hualaí riaracháin, go n-éascaítear gnó a bhunú go tapa agus go dtacaítear le méadú an ghnó. Dá bhrí sin, leagann CESE béim ar an ngá atá leis an rialáil a shimpliú agus le dlús a chur le próisis na gceadanna le haghaidh infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí eile gnó.

7.3. Is mian le CESE aird a tharraingt ar an tionchar a bhíonn ag rialacháin chánach agus ag beartais chánach na mBallstát ar athléimneacht airgeadais MFBManna. Is féidir le córais chasta chánach, rátaí arda cánach agus ualaí riaracháin deacrachtaí a chruthú do MFBManna, go háirithe na fiontair sin atá gann ar acmhainní pleanála agus comhlíonta cánach. Os a choinne sin, más dreasachtaí cánach agus córais chánach shimplithe atá ann, is féidir an t-ualach cánach a bhíonn ar MFBManna a mhaolú agus cur lena gcobhsaíocht airgeadais. Ós rud é gur minic a ghníomhaíonn na húdaráis chánach mar

([9]) Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht) (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18).

([10]) Faoin tionscadal *Early Warning Europe* seoladh líonraí náisiúnta comhairle agus tacaíochta le haghaidh gnólachtaí atá i gcruachás; féach https://www.earlywarningeurope.eu/.

chreidiúnaithe thar ceann MFBManna, tá ról ríthábhachtach acu maidir lena n-athléimneacht airgeadais a neartú. Is féidir é sin a bhaint amach trí bhearta amhail faoiseamh íocaíochta a thairiscint, sin agus tacaíocht maidir le comhlíonadh, agus na próisis chánach a chuíchóiriú agus a dhigitiú. Is féidir leis na bearta sin cabhrú le MFBManna a n-oibleagáidí cánach a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí agus dea-bhail airgeadais an fhiontair a fheabhsú ar an iomlán.

8. **Na slabhraí soláthair a éagsúlú agus an leanúnachas gnó a áirithiú**

8.1. Tá dlúthbhaint ag éagsúlú na slabhraí soláthair le hathléimneacht airgeadais MFBManna na hEorpa. Má laghdaítear a spleáchas ar sholáthróir amháin nó ar mhargadh amháin, is féidir na rioscaí airgeadais a mhaolú agus beidh MFBManna in ann iad féin a chur in oiriúint ar bhealach níos éifeachtaí do dhálaí athraitheacha an mhargaidh, do luaineachtaí praghsanna agus do shuaitheadh sna slabhraí soláthair.

8.2. Mar sin féin, tá dúshláin le sárú ag gach MFBM maidir leis na slabhraí soláthair a éagsúlú, sin toisc teorainn a bheith lena gcuid acmhainneachta, lena gcuid eolais agus lena gcuid acmhainní. Ina theannta sin, is minic gur lú an chumhacht mhargála a bhíonn ag MFBManna ná na gnólachtaí móra sna conarthaí soláthair, rud a chruthaíonn castacht bhreise dóibh a mbealach a dhéanamh trí shocruithe na slabhraí soláthair agus tionchar a imirt ar na socruithe sin. Tá CESE ag iarraidh go cuirfí tacaíocht ar fáil le haghaidh idirnáisiúnú na MFBManna agus le go mbeidh teacht acu ar mhargaí eachtracha, rud a chabhróidh leo a gcuid slabhraí soláthair a éagsúlú, breis leachtachta a áirithiú agus páirt a ghlacadh sa trádáil dhomhanda.

8.3. Tá ról ríthábhachtach ag aistrithe gnó maidir leis an leanúnachas gnó agus athléimneacht na ngnólachtaí a áirithiú. Nuair a aistrítear gnó faoi úinéir nó faoi bhord bainistíochta nua, déantar oibríochtaí gnó a chothabháil, poist a chaomhnú, agus an caidreamh le custaiméirí, soláthraithe agus geallsealbhóirí eile a chothú, sin agus an cur isteach ar an ngnó a íoslaghdú agus gan baint dá luach. D'iarr CESE sa Tuairim uaidh le déanaí maidir le haistrithe gnó ([11]) go ngníomhódh an tAontas chun aistrithe gnó san Eoraip a éascú.

An Bhruiséil, an 25 Deireadh Fómhair 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE

([11]) IO C 486, 21.12.2022, lch. 9.